

Cia as urra d'ainm an iarthair?

[Ronald Black: 'Poems by Maol Domhnaigh Ó Muirgheasáin (II)', *Scottish Gaelic Studies* 13, 46-55]

[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Cia as urra d'ainm an iarthair,
do ríogradh síl seinFhiachaidh?
ó do thagras riú dá réir,
a-niú do admhas eiséin.

2 Ós do phréimh Luighdheach, dar leam,
is sealbh chirt iarthair Éireann,
cia díobh as urra don ainm
's an rulla ríogh dá roghairm?

3 Acht mé dáccur fá ccomhair,
ríogradh an fhuinn iartharaigh,
dom mac samhla a-seadh dleaghan
fear an anma d'fhoillseaghadh.

4 Gá dtáim ris, foillseóchad féin,
ón ghairm shíorruidhe shoileir,
neach dán dú a lorg do leanmuin,
ord na clú do chéidmheabhrúigh.

5 Mac Domhnaill, dreagan Chliodhna,
urra an anma shinniordha;
ní mhaithfe a cheart d'aon aile -
do aomh reacht a ríoghraidhe.

6 Gairm shochair na nglún ór ghin
coiseónaidh d'ais nó d'éigin;
ní thibhre uadh a n-anáir -
innmhe is dual d'Ó Dhonnabháin.

7 A seilbh na sinnsear reimhe
do bhí a h-urlámh d'aireighe;
do chrú Fhiachaidh-si as anáir
clú an iarthairsi d'ionghabháil.

8 Síol Luíghdheach, lucht an cheannaigh,
teist an iarthair Éireannaigh -
fir gan duilge um dháil a séad,
ós dáibh as cuibhdhe a ccoiméad.

9 Cuid d'oirbheart aicme Ghaoïdhil
fagháil anma ar iolmhaoinibh;

cur riú dob uaill an obair -
buaidh na clú do cheannchadair.

10 Giódh mór re a maidheamh a bhfad,
teist mhaicne Mhogha Nuadhád
ag teist Chairbreach do-chiam geall
an gach airdleath d'fhiadh Éireann.

11 Ar neartmhaire ar nós a mbreath,
ar chruas lámh a measg Muimhneach -
mór do niad d'airgnibh iomaidh -
tiad Cairbrigh a gcéimeannaibh.

12 Ar chródhacht, a ccearrdaibh gliadh,
ag cosnamh Mumhan Maicniadh,
ar mhéinn fhíoraghlaíne ar fheardhacht,
ar líonmhaire, ar fhlaitheamhlacht.

13 Uaisle oirbheart is oineach,
riar carad is coimhigtheach
dá ccor a ccéimibh tar chách -
toil le n-éirig a n-iomráth.

14 Do ghlac ó a réim dá róbháidh
sealbh dhúthchais í Dhonnabháin
illionnhas dá ttárla a thoil
tighearnas anma an iarthoir.

15 Gabhadh mur oighreacht re a ais
ceart a dheaghanma dualgais
ar tí coimhdhe na cairte -
gá ní d'oighre as orrdhairce?

16 Nós a laoichfhréimhe do leath
triath oirrdrheirc iarthair Cairbreach;
ní h-éadtarbha a fheidhm 'na ndeóigh
a sealbh chéadanma a chineóil.

17 Coigil eachra nó ionnmhais
ní dá thréighthibh tighearnais
fear ceannáigh sealbhchlú na sean
(?)dealuigh ré mearchrú Míleadh.

18 Tug le múnad a mhaicne
toil dá n-airghibh orrdhairce
go mbí a-nú ar nós na saoirfhear
tóis 'gá chlú dá chraobhsgaoileadh.

19 Comaoín ó gach ord aoidheadh

teist Dhomhnaill do dheaghmhaoidheamh;
um gach ní dá bhfoghann féin
do ní Domhnall a ndeighréir.

20 Ní dheardaidfe dálí a shéad,
a ghairm go racha a roimhéal -
troigh róichliste ar feadh Fodhla [leg. foghla]
óirchisde bhfear n-ealodhna.

21 Rulla saorchnlú na sinnsear
as é crodh do choigilsion;
tug a raibhthe tar cló cháigh
lé ró caithmhe agus conáigh.

22 Ag coiméad luirg a fhlaithis
do thréig ionnramh iolmhaithis
gnaoi na ccéadaithreadh ór chin
méadaightear ar aoi a oinigh.

23 Ceard ghaisge gabhadh do láimh
mac mic Domhnaill, dreach adhnáir;
go bhfuair a ccéime cosgair,
buaidh a réime rangasdair.

24 Triath ionmhuin clainne Cathail
fós a n-ainche ar anachain
post torchairthe a ngníomhradh ngleóidh
fíorbhun cothaighthe a chineoil.

25 Mac Eiléan as ard meanma,
pailm ós fíodhbhaibh fíneamhna,
ó chách do thobhuigh tromthail,
girodh fáth omhuin d'allmhurchaibh.

26 Ua áirmheach Eoghain Taidhligh,
ua Fiachaidh go bhflathairghnibh,
ua Luighdheach ainmhir an áigh -
cuibhreach 'na n-airdhibh d'admháil.

27 Ua Dhonnabháin na ndeighbheart
tuilliomh garma a ghnátheighreacht;
cuinge ceart dá fhréimh roimhe
a theacht san réim ríoghroidhe.

28 Uachtarán iarthair Mumhan,
urra an chirt do chothughadh,
flaith amhra dár ccrú Cuircne -
tarla an chlú fa a chomuirce.

29 Buadh ndealbha dá dreich fhosaidh
uair inghion í Sheachnosuigh -
réidhe gan chumhdha ccridhe,
umhla, féile is foisdine.

30 Pailm thoruidh do Threibh Dhá Thí
inghion réadhchroidheach Ruaidhrí,
fuair airdhe na nglún ór ghin
ag tnúdh le h-aidhbhle an oinigh.

31 Teist bhuan na ríoghradh reimpe
ní léig uaithe ar imirce;
tug ar aimm Ghuaire, ór ghin -
an ghairm is buaine braithfidh.

32 Fiú an treabh ór tuismeadh Síle
buaidh féile ar a fréimhlíne;
dá coimhdhe ag maicne an mheadhóil
roighne aicme Éireamhóin.